Leanann an aighneacht ceisteanna an teimpléid: Ní raibh dóthain spáis ar an teimpléad féin chun cuid de na ceisteanna a fhreagairt.

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)

1. **I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?**

   Tá na dualgais seo riachtanach. Mholfainn go gcuirfí 'nó cártaí nó fógraí eolais' isteach tar éis an fhocail 'fógrán' in Alt 9.-(1) den Acht. Mar mhalairt d'fhéadfaí 'nó fógairtí scríofa' a chur isteach tar éis 'taifeadta)'. Ní cóir go ndéanfaí aon leasú eile ar Alt 9.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht

2. **I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?**

   Is gá an dualgas na doiciméid sin a fhoilsiu go comhuaineach a choinneáil. Ós rud é nach n-iarrann an tAcht go ndéanfaí iad a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach, bheadh sé sásúil dá bhfoilseofaí go leictreonach amháin iad, ach deis a bheith ann iad a chur ar fáil ag ionaid ainmnithe i bhfoirm chrua. Ní bheadh sé sásúil aon cheann acu a bheith ar fáil i bhfoirm chrua i mBéarla amháin.

   Faoin alt seo, nó mar alt nua faoi Chuid 3, Comhlachtaí Poiblí, is gá mír nua a chur isteach, a mbeidh an riachtanas seo a leanas ag gabháil leis: Aon fhoirm gur gá a chomhlíonadh chun seirbhís nó freastal a fháil ó aon chomhlacht poiblí, is gá an fhoirm sin a bheith ar fáil i bpríomhtheanga oifigiúil an Stáit amháin, nó sa dá theanga oifigiúla le chéile ar aon fhoirm amháin. Chiallódh sin de ghnáth go gcuirfí foirmeacha den chineál sin ar fáil go dátheangach, ach go bhféadfaí foirmeacha i nGaeilge amháin a bheith ar fáil ag comhlachtaí áirithe – iad sin a bhíonn ag plé le cúrsaí Gaeilge nó Gaeltachta, mar shampla. Ní bheadh cead ag comhlachtaí foirmeacha i mBéarla amháin a chur ar fáil sa chomhthéacs seo.

Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)

3. **I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?**

   Is gá cloí leis na Rialacháin atá ann faoi láthair, agus cur leo trí rialacháin a thabhairt isteach maidir le fógairtí beo béil agus le fógráin (agus le 'cártaí nó fógraí eolais' nó 'fógairtí scríofa' má ghlactar leis an moladh i bhfreagra 1 thuas).

   Tá sé riachtanach ar chúiseanna a bhaineann le tábhacht tírdhreacha theangeolaíoch go dtabharfaí comharthaí bóthair ('Síneacha tráchta') isteach faoi na Rialachán um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008. Bheadh bealaí éagsúla ann chun é seo a dhéanamh - alt gearr i gceann de na hachtanna atá beartaithe maidir le Gaeilge, nó in aon acht omnibus, a leasódh an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961, agus ba ghá leasú a dhéanamh dá réir ar na Rialacháin. Bheadh na forálacha céanna i gceist maidir le teacht i ngníomh.

Scéimeanna Teanga faoin Acht

4. **(a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?**

Is ceann de dhá bhunchloch na reachtaíochta iad na scéimeanna – an ceann eile Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá ábhar áirithe foilsithe agam maidir leis na scéimeanna. (Féach mar shampla lgh. 159-160 in *An tSochtheangeolaíocht*, arna chur in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012).

Níl a fhios againn cén fáth nach bhfuil na scéimeanna á ndaingniú ag ráta a mbeifí ag súil leis le tamall anuas: níl a fhios an mbaineann sé le feidhmiú na Roinne cuí nó le cinntí na nAirí maidir lena ndualgais ina leith.

Is léir go dteastaíonn leasú sna Rialacháin maidir le clár ama don phróiseas daingnithe.

(b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

(1) Is gá go leagfaí síos i gCuid 3 den Acht, nó mar dhara rogha i rialacháin a d'eiseodh an tAire faoin Acht, go mbeidh dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe i mír 1(1) den Chéad Sceideal agus gach comhlacht poiblí a mbeidh scéim aontaithe leo, a shuíomh Gréasáin a bheith go hiomlán i nGaeilge amháin nó go hiomlán dátheangach.

(2) Is gá go leagfaí síos i gCuid 3 den Acht, nó mar dhara rogha i rialacháin a d'eiseodh an tAire faoin Acht, go mbeidh dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe i mír 1(1) den Chéad Sceideal agus ar gach comhlacht poiblí a gcuirfear ceangal air dréachtscéim a ullmhú, comhartha shoiléir a thaispeáint i ngach oifig ina gcuirtear seirbhísí ar fáil don phobal a mbeidh na focail seo a leanas air*: Cuirimid seirbhísí ar fáil anseo i do roghasa den dá theanga oifigiúla / We provide services here in your choice of the two official languages.* Bheadh dualgas dlíthiúil ar na comhlachtaí féin na socruithe riaracháin cuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse theoranta ama, trí earcaíocht nó aistriú foirne, chun go gcuirfí i bhfeidhm na cleachtais oibre a d'fhreagródh don tairiscint sna comharthaí. Shonrófaí an tréimhse ama san Acht nó sna Rialacháin.

D'fhéadfaí (1) agus (2) thuas a chur i bhfeidhm láithreach ar na comhlachtaí poiblí a luaitear i mír Alt 1(1) den Chéad Sceideal, agus ar gach comhlacht poiblí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht. Chuirfí i bhfeidhm ar chomhlachtaí eile de réir mar a d'aontófaí scéimeanna.

(3) Is gá a shonrú san Acht féin, i gCuid 3, go dtiocfaidh gach comhlacht poiblí nua a chruthaítear isteach faoin gCéad Sceideal den Acht, agus go mbeidh dualgaisí maidir le scéimeanna i bhfeidhm i gcónaí ar aon chomhlacht poiblí a dhéantar a phríobháidiú.

(4) Is gá a chur isteach san Acht go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí a bhfuil scéimeanna daingnithe ina leith a chuid seirbhísí trí Ghaeilge a thairiscint go gníomhach i gcónaí.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Níl.

(b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Cur i bhfeidhm leasuithe (1) go (4) faoi 4(b) thuas.

Forálacha eile faoin Acht

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Ba chóir go leagfaí dualgas ar an Stát billí a fhoilsiú go dátheangach. Ba chóir an leasú a rinneadh ar Alt 7 a scrios.

Ba chóir go mbeadh sé leagtha síos san Acht go mbeadh an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla trína ndéanfaí cás a reachtáil ag an mbreitheamh, gan aon chabhair ó ateangaire.

Ba chóir na forálacha in Alt 4 a bhaineann le himeachtaí sibhialta a chur i bhfeidhm i gcás imeachtaí coiriúla freisin.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Is léir gur gá comhlachtaí nach bhfuil liostaithe sa Chéad Sceideal a liostú, mar shampla, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Níor leasaíodh na Sceidil ón mbliain 2006. Is gá córas níos simplí a bheith ann chun comhlachtaí a thabhairt isteach faoin Acht, mar atá molta thuas.

Oifig an Choimisinéara Teanga

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Ní dóigh liom go dteastaíonn aon leasuithe maidir le cumhachtaí agus feidhmeanna Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi láthair. Más mian leis an Rialtas dualgas breise a leagan ar Oifig an Ombudsman eolas faoi chearta teanga agus ról an Choimisinéara Teanga a phoibliú go gníomhach, bheadh sé sin sásúil.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

Na leasuithe a mholaim thuas mar fhreagra ar cheist 4(b).

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Bím ag lorg seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí éagsúla. Ba chóir go mbeadh gach seirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhonn comhionann le seirbhísí trí Bhéarla, go háirithe ó na comhlachtaí ar fad a thagann faoi mhír 1(1) den Chéad Sceideal.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Easpa tola agus laigí sa chóras oideachais agus i dTithe an Oireachtais maidir le feasacht teanga; idirdhealú sistéamach; scéimeanna laga a bheith á ndaingniú; agus easpa córais earcaíochta agus aistrithe inmheánaigh.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Le cur leis an méid atá ráite agam thuas, agus chun pointí áirithe a shoiléiriú:

(1) Ba chóir seirbhísí Stáit a bheith ar fáil ar bhonn comhionann sa dá theanga oifigiúla.

(2) Ba chóir dualgas dlíthiúil a leagan síos go sonrach san Acht go mbeadh fógrá caighdeánach dátheangach ar taispeáint go soiléir i ngach oifig phoiblí de chuid chomhlachtaí Stáit a déarfadh an méid seo a leanas: 'Cuirimid seirbhísí ar fáil anseo i do roghasa den dá theanga oifigiúla / We provide services here in your choice of the two official languages'. Leagfaí síos san Acht nó i Rialacháin go mbeadh dualgas ar na comhlachtaí céimeanna éifeachtacha agus éifeachtúla riaracháin a ghlacadh laistigh de thréimhse áirithe chun na comharthaí a chur ar taispeáint agus chun cleachtais oibre a chur i bhfeidhm, trí earcaíocht chuí nó aistriú foirne, nó eile, ag comhfhreagairt do na comharthaí.

(3) Ba chóir go mbeadh foráil san Acht a leagfadh dualgas ar chomhlachtaí poiblí seirbhís teileafóin uathoibríoch a chur ar fáil a thabharfadh deis don scairteoir teanga oifigiúil na cumarsáide a roghnú. Bheadh dualgas dá réir ar na comhlachtaí, trí earcaíocht nó aistriú, na seirbhísí cumarsáide cuí sa dá theanga a leanfadh ón rogha sin a chur ar fáil.

(4) Ba chóir go mbeadh sé mar fhoráil san Acht go gcaithfeadh suíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí a bheith i nGaeilge, nó go hiomlán dátheangach, ag tosnú leis na suíomhanna a bhaineann leis na comhlachtaí atá liostaithe i mír 1(1) den Chéad Sceideal, agus mar dhualgas riachtanach ar gach comhlacht a n-iarrfaí orthu scéim a réiteach.

(5) Is gá go leagfaí síos clár ama sna Rialacháin maidir le daingniú scéimeanna.

(6) Is féidir go bhféadfaí na comhlachtaí poiblí a rangú maidir le bunriachtanais eile a bhainfeadh le scéimeanna.

(7) Ba ghá dualgas trí rialacháin a chur ar na comhlachtaí poiblí a bhfuil scéimeanna daingnithe ina leith seirbhísí Gaeilge a thairiscint go gníomhach don phobal.

(8) Is gá an tírdhreach teangeolaíoch a athrú trí chomharthaí bóthair ('síneacha tráchta') a thabhairt isteach faoi na Rialacháin um Alt 9 den Acht.

(9) Is gá don Stát tacú le ról an Choimisinéara Teanga ar gach bealach, agus is gá nach ndéanfaí a Oifig a nascadh le hOifig an Ombudsman; mar chuid den atheagar, ba chóir go gcuirfí dualgas ar an Ombudsman eolas faoi chearta teanga agus faoi ról an Choimisinéara Teanga a phoibliú.

Ba mhaith liom go ndéanfaí an aighneacht seo a mheas i gcomhthéacs mo chaibidle ar Reachtaíocht Teanga in *An tSochtheangeolaíocht* (curtha in eagar ag Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain, Baile Átha Cliath: Cois Life, 2012), ag tagairt go háirithe don chuid sin den chaibidil a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (lgh. 158-163). Críochnaíodh an saothar sin sular fógraíodh go raibh athbhreithniú le déanamh ar an Acht.

Pádraig Ó Laighin